


## Scrúduithe stáit

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi scrúduithe stáit na bliana in Éirinn. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. éiginnteacht
2. múinteoir gairmthreorach
3. amhail is
4. ag cromadh ar
5. dianstaidéar
6. i ndán do
7. spreagtha
8. féinsmacht
9. ar ais nó ar éigean
10. an deis a thapú
11. cuspóir



### Ceist 2

Cad faoi a mbeidh ábhar na míre, dar leat?

Pléigh ábhar na míre leis an duine in aice leat, sula bhféachfaidh sibh uirthi.

### Ceist 3

Freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth a bhfuil brú ar dhaltaí scoile?
2. Cén fáth a ndeir Aisling Ní Chonghaile go bhfuil sé deacair a bheith spreagtha chun obair a dhéanamh?
3. Deir Traolach Ó Conghaile go bhfuil sé deacair dá pháistí a bheith dírithe ar an obair. Cén fáth?
4. Cad a deir Leo Varadkar?
5. Cén chomhairle a thugann Máirín Ní Mhainín?
6. Cén chomhairle a thugann an Roinn Oideachais?

**Ceist 4** ‘...bheadh...’ agus ‘...mholfainn...’

- A. Bain úsáid as na briathra – cuir, mol, ceannaigh agus imigh – chun na rialacha a bhaineann leis an modh coinníollach a chur in iúl.
- B. Cuir na ceisteanna thíos ar an duine in aice leat:
1. Dá mbuafá an crannchur, cad a dhéanfa leis an airgead?
  2. Dá mbuafá ticéad eitleáin le dul áit ar bith ar domhan, cén áit a rachfa? Cén fáth?
  3. Dá mbeadh an seans agat post ar bith a bheith agat, cad a roghnófa? Cén fáth?

**Ceist 5** ‘... dianstaidéar...’ agus ‘...spriocdháta...’

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal ‘dáta’ ach nach bhfuil ar an bhfocal ‘staidéar’?

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An gceapann tú go mbeidh na scrúduithe stáit ar siúl i mbliana? Cén fáth?
2. Conas atá an t-ordú dianghlasála ag cur isteach ar dhaltáí meánscoile?
3. Conas atá an t-ordú dianghlasála ag cur isteach ar dhaltáí bunscoile?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

1. éiginnteacht - uncertainty
2. múinteoir gairmthreorach - careers teacher
3. amhail is – as if, as though
4. ag cromadh ar - getting down to
5. dianstaidéar - cramming
6. i ndán do - in store for
7. spreagtha - inspired, motivated
8. féinsmacht - self-control
9. ar ais nó ar éigean - at all costs, one way or the other
10. an deis a thapú - to seize the opportunity
11. cuspóir - objective

**Ceist 2**

Plé atá i gceist leis an gceist seo.

**Ceist 3**

Féach an script.

**Ceist 4**

A.

<p><b>Cuir</b></p> <p>chuirfinn chuirfeá chuirfeadh sé/sí chuirfimis chuirfeadh sibh chuirfidís</p> <p>•an gcuirfeá? •ní chuirfeá</p>	<p><b>Mol</b></p> <p>mholfainn mholfá mholfadh sé/sí mholfaimis mholfadh sibh mholfaidís</p> <p>•an molfadh sé? •ní molfadh sé</p>
<p><b>Ceannaigh</b></p> <p>cheannóinn cheannófá cheannódh sé/sí cheannóimis cheannódh sibh cheannóidís</p> <p>•an gceannóidís? •ní cheannóidís</p>	<p><b>Imigh</b></p> <p>d'imeoinn d'imeofá d'imeodh sé/sí d'imeoimis d'imeodh sibh d'imeoidís</p> <p>•an imeoimis? •ní imeoimis</p>

B. Deis chainte atá anseo chun cleachtadh a dhéanamh ar an modh coinníollach.

**Ceist 5**

Séimhítear an dara focal i gcomhfhocal, e.g., comhfhocal; ríomhphost; dianchúram, ach amháin nuair a thagann d, n, t, l nó s le chéile, e.g., bunscoil; seandúine.

**Ceist 6**

Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### **Eimear Ní Chonaola**

Níl aon treoir tugtha ag an Roinn Oideachais faoin uair a reáchtálfar scrúduithe Ardteistiméireachta na bliana seo. Tá an éiginnteacht ag cur brú ar dhaltaí, ach deir múinteoirí gairmthreorach gur cheart do dhaltaí leanacht<sup>1</sup> orthu amhail is gur i mí an Mheithimh a bheidh siad ar bun.

### **Sorcha Ní Mhonacháin**

Aisling Ní Chonghaile sa Spidéal, i gContae na Gaillimhe, ag glacadh sosa ón staidéar inniu. Bliain ar bith eile bheadh daltaí Ardteiste ag cromadh inniu ar an chéad lá de dhianstaidéar. Ach tá trí seachtaine caite ag daltaí anois sa bhaile agus gan cinnteacht ar bith ann faoina bhfuil i ndán do na scrúduithe

### **Aisling Ní Chonghaile, Dalta Ardteiste**

Níl dada soiléir faoi láthair agus níl a fhios againn go díreach, agus, tá sé sách deacair, ar ndóigh, a bheith spreagtha agus a bheith ag iarraidh do chuid oibre a dhéanamh nuair nach bhfuil a fhios agat go díreach céard a bheas ag tarlú. Bheadh sé i bhfad níos éasca mo chuid oibre a dhéanamh agus... nuair atá spriocdháta faoi leith leagtha amach. Ach, faoi láthair tá sé saghas deacair, i ndáiríre, a bheith spreagtha.

### **Traolach Ó Conghaile, Athair Aisling**

Tá siad sa mbaile leo féin. Níl siad ag dul chuig an scoil, so, caithfidh struchtúr a bheith ann don lá. Caithfidh siad éirí, aghaidh a thabhairt ar an staidéar. Ansin, tagann sé isteach ó na múinteoirí ar an idirlíon nó na ríomhairí. Agus é sin, ó thaobh rudaí a eagrú, dóibh féin an bhfuil a fhios agat, níl an cúnamh breise sin [ann]. Tá go leor... táimid ar fad sa mbaile freisin, so tá go leor ag tarlú sa mbaile timpeall orthu. Agus, tá sé deacair gan an clár ama rialta agus an féinsmacht a bheith éifeachtach.

### **Sorcha Ní Mhonacháin**

Dúirt an Taoiseach, Leo Varadkar, an tseachtain seo a chuaigh thart go leanfar de scrúduithe na hArdteiste ar ais nó ar éigean, ach ní fios go díreach cá huair. Deir múinteoirí gairmthreorach gur cheart leanstan<sup>2</sup> ar aghaidh amhail is nach bhfuil dátaí na scrúduithe athraithe.

### **Máirín Ní Mhainnín, Príomhoide Choláiste na bPiarsach, Ros Muc**

Agus muid anois tosaithe, tús curtha le saoire na Cásca, mholfainn plean oibre a leagan síos, an deis a thapú chun cleachtadh a dhéanamh ar cheisteanna na bpáipéar scrúdaithe. Neart cleachtaidh a dhéanamh orthu sin, am a chur air.

### **Sorcha Ní Mhonacháin**

I ráiteas a chuir siad ar fáil tráthnóna, dúirt an Roinn Oideachais linne go bhfuil an rialtas dírithe ar a chinntiú go leanfaidh na scrúduithe stáit – an Teastas Sóisearach agus an Ardteist – ar aghaidh. Dúirt siad go bhfuil siad ag obair ar phleananna teagaisc le Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena chinntiú go dtarlóidh sin. Idir an dá linn, tá siad ag comhairliú do dhaltaí díriú ar an obair agus leanstan ar aghaidh ag staidéar, díriú ar an chuspóir agus glacadh leis go leanfaidh na scrúduithe ar aghaidh.

Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> *leanúint* an leagan caighdeánach

<sup>2</sup> *leanúint* an leagan caighdeánach